# Beartas um Úsáid Inghlactha Teicneolaíochta (BUIT)

## 1.1 Scóip

Baineann an polasaí seo le daltaí, tuismitheoirí agus foireann Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin.

## 1.2 Réasúnaíocht

Aithnímíd i nGaelcholáiste Charraig Uí Leighin an tábhacht a bhaineann le húsáid chuí na Teicneolaíochta. Cuirimíd an Polasaí seo i bhfeidhm chun go n-aithneoidh na páirtithe leasmhara na dualgais atá orthu maidir le húsáid chuí na teicneolaíochta, agus chun treoir phrionsabail na scoile mar atá an mheasa, na cothromaíochta, agus an ionracais, a chosaint. Usáidtear an Teicneolaíocht mar acmhainn oideachais amháin i nGaelcholáiste Charraig Uí Leighin agus úsáidfidh an scoil straitéisí éagsúla chun deiseanna foghlama a thapú, agus chun baoil a sheachaint in úsáid na teicneolaíochta.

## 1.3 Baint le héiteas na scoile

Is áis thábhachtach fhoghlama í an Teicneolaíocht i nGaelcholáiste Charraig Uí Leighin. Tá sé mar aidhm ag Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin timpeallacht fháilteach, shlán agus ordaithe a chruthú agus a chaomhnú don uile dhalta, ina dtugtar gach aon tacaíocht chun barr a c(h)umas acadúil pearsanta, sóisialta agus morálach a bhaint amach, le féinmheas agus le meas ar a chéile.

## 1.4 Comhthéacs

Ba cheart an polasaí seo a léamh i gcomhthéacs threoirphrionsabail na scoile mar atá meas, cothromaíocht agus ionracas, chomh maith leis an bPolasaí Sláinte agus Sábháilteachta, Polasaí um Chosaint Leanaí, Polasaí Iompair, an Chairt um Dhínit Oibre agus Polasaí Frithmháistíneachta Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin. Cuirtear an polasaí seo i bhfeidhm ar scoil, ag imeachtaí scoile agus ar thurasanna scoile.

## 1.5 Aidhmeanna

Is iad na haidhmeanna atá ag an bpolasaí seo ná:

a) A chinntiú go mbaineann na daltaí an leas is fearr as na deiseanna foghlama a chuireann an teicneolaíocht ar fáil dóibh;

b) Na freagrachtaí atá ag páirtithe leasmhara na scoile a léiriú

c) Ár dtreoirphrionsabail de mheas, chothromaíocht agus ionracas a chosaint;

d) Úsáid inglachta na teicneolaíochta a shoiléiriú do pháirthithe leasmhara uile na scoile.

## 2. Ábhar an Pholasaí

a) Déanfaidh gach múinteoir maoirseacht rialta ar úsáid an idirlín.

b) Úsáidtear bogearraí scagtha chun an baol go dtiocfadh na daltaí ar ábhair mí-oiriúnacha ar scoil a sheachaint.

c) Déanfaidh an scoil monatóireacht rialta ar iPad na ndaltaí.

d) Cuirfear oiliúint ar fáil do dhaltaí, do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí in úsáid fhreagrach idirlín.

e) Ní féidir le/ní cheadaítear do dhaltaí aipeanna a uaslódáil/íoslódáil ar an ipad gan chead an mhúinteora de bharr chóras bainistíochta na n-uirlisí soghluaiste scoile.

f) Ní mór cead múinteora a bheith ag dalta chun aon ghléasmheáin stórála dhigitíeacha nach mbaineann leis an scoil a úsáid.

g) Beidh meas ag daltaí ar a chéile i gcónaí agus ní thabharfaidh siad faoi ghníomh ar bith a tharraingeodh baol nó droch-cháil orthu féin nó ar an scoil.

h) Usáidfidh na daltaí na hiPadanna mar acmhainní oideachais amháin.

i) Cuirfear cosc iomlán ar aon iarracht chun briseadh isteach ar chóras wi-fi na scoile. Sa chás go ndéanfar aon iarracht leagfar na smachtbhanna cuí de réir an Chóid Iompair.

j) Coimeádfaidh na daltaí a sonraí agus a bpasfhocail ar gach suíomh go fíor-phríobháideach agus ní roinnfear le héinne iad riamh.

k) Ní ghlacfaidh nó ní úsáidfidh dalta pasfhocal duine eile riamh.

l) Ní cheart go mbeadh pictiúr de dhalta aonair riamh ar ipad dalta eile. Is iad pictiúir de dhaltaí atá inghlactha ná pictiúir de ghrúpa ag ócáid scoile amháin, sa chás go mbíonn cead múinteora faighte ag dalta roimhré chun an pictiúr a thógaint.

m) Má dhéantar físeán de dhalta mar ábhar ceachta, le cead múinteora, is í freagracht an dalta an físeán sin a bheith scriosta sula bhfágann sé/sí an rang sin.

n) Is í freagracht an tuismitheora/chaomhnóra a p(h)áiste a chosaint ar líne lasmuigh den scoil.

o) Leanfaidh na daltaí treoracha an pholasaí seo.

p) Bainfear cead úsáid na teicneolaíochta ó éinne nach bhfuil sásta an polasaí seo a leanúint agus leagfar smachtbhannaí an Chóid Iompair orthu.

q) Úsáidtear Apple Classroom i ranganna. Ní mór treoir an mhúinteora a leanúint leis.

r) Ní mór iPadanna a choimeád sna málaí go dtí go dtugann an múinteoir cead é a thógaint amach.

s) Ba choir go mbeadh scáileán gach iPad infheicithe don mhúinteoir. Ba choir iad a chur go cothrom ar an mbord agus gan iad a chur ina seasamh ar a seastáin.

t) Ní mór do dhaltaí árá nuair a úsáidtear AI mar ábhar thacaíochta chun obair a dhéanamh.

u) Ní mór do dhaltaí a bhfeistis dhigiteacha pearsanta a choimeád sa PhoneAway Box ar feadh an lae scoile.

v)Cuirtear srian ar chuntais ephost Bliain 1, 2, 3 agus 5 áit nách féidir ephostanna a sheoladh óna ephost scoile ach chuig muinteoirí amháin.

## 3. iPadanna

Ní mór aire chuí a thabhairt ionas nach gcailltear nó nach mbristear an iPad:

a) Ní mór clúdach cosanta a bheith ar an iPad i gcónaí. Moltar clúdach Apple Survivor a úsáid.

b) Ní mór an ceallaire a bheith lán ag teacht ar scoil gach lá.

c) Ba cheart cirt bhog agus earra glantacháin a úsáid chun an scáileán a ghlanadh.

## 3.1 Úsáid an iPad

### 3.1.1 Freagrachtaí Tuismitheoirí agus Caomhnóirí

Is í freagracht tuismitheoirí/chaomhnóirí:

a) Árachas cuí a bheith ar an iPad;

b) An iPad a sheiceáil go rialta chun a chinntiú go bhfuil sé ag feidhmiú i gceart;

c) Clúdach cosanta a bheith ar an iPad i gcónaí;

d) Monatóireacht rialta a dhéanamh ar an iPad go háirithe i rith ama staidéir agus oibre baile;

e) Labhairt go rialta lena bpáiste faoi fhreagracht ar líne;

f) iPad a bpáiste a sheiceáil go rialta le cinntiú nach bhfuil aon ábhar míchuí air;

g) Ábhar míchuí a bhaint ón iPad láithreach;

h) Nach n-úsáidtear fearas teicneolaíochta sa leaba, agus go bhfágtar na fearais in áit éigin lárnach sa tigh;

i) Go labhraíonn tú go minic le do pháiste faoi úsáid fhreagrach idirlín.

j) A bheith ar an eolas faoi, agus go gcloínn tú leis na moltaí a tugadh do thuismitheoirí ag Oiliúint Sábháilteachta Idirlín na scoile. Féach Aguisín 1 a chuirtear ar fáil do thuismitheoirí/chaomhnóirí uile.

k) Ní mór gach teagmháil a dhéanamh le daltaí tríd Oifig na Scoile.

### 3.1.2 Freagrachtaí na nDaltaí

Is í freagracht gach dalta:

a) Aire chuí a thabhairt don iPad chun damáiste a sheachaint;

b) Clúdach cosanta oiriúnach a bheith ar an iPad i gcónaí;

c) An iPad a bheith luchtaithe go hiomlán ag teacht ar scoil gach lá;

d) Cirt bhog agus earra glantacháin  molta amháin a úsáid;

e) An Beartas um Úsáid Inghlactha na Teicneolaíochta a leanúint i gcónaí;

f) An iPad a fhágáil sa taisceadán ach amháin nuair atá an dalta ag freastal ar rang;

g) Gan an iPad a thabhairt chuig aon imeachtaí scoile gan cead a bheith faighte ón múinteoir atá i gceannas ar an turas;

h) Gan aon phictiúr a thógáil ná taifead a dhéanamh gan chead múinteora;

i) Damáiste, cur isteach nó fadhbanna le húinéireacht iPadanna a thuairisciú don scoil láithreach;

j) Tuairisc láithreach a chur chuig udaráis na scoile faoi aon ábhar míchuí atá ar a (h)iPad;

k) Gan rochtain a fháil ach ar ábhair oiriúnacha oideachais ar an iPad;

l) An iPad a úsáid mar áis fhoghlamtha scoile amháin;

m) Gan cumraíocht an iPad a athrú ar aon aon slí.

n) Ní mór gach teagmháil le baile a bheith tríd Oifig na Scoile.

## 4. An Gréasán Domhanda

a) Tá Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin cláraithe ar Leibhéal Scagtha 4 de chóras leathan banda scoile an PDST. Feic Aguisín 2.

b) Ní thabharfaidh dalta cuairt ar shuíomhanna gréasáin ar a bhfuil ábhar gáirsiúil, mídhleathach, gráiniúil nó aon ábhar míshásúil eile;

c) Sa chás go n-aimsíonn dalta ábhar mí-oiriúnach trí thimpiste, cuirfidh siad in iúl d'údaráis na scoile é;

d) Úsáidfidh na daltaí an tIdirlíon mar áis oideachais amháin;

e) Ní dhéanfaidh daltaí eolas a chóipeáil le haghaidh tascanna gan aitheantas a thabhairt don fhoinse (Bradaíl agus Sárú Cóipchirt);

f) Ní nochtfaidh daltaí faisnéis phearsanta nó ní dhéanfaidh siad faisnéis phearsanta a fhoilsiú go poiblí riamh;

g) Is sárú díreach ar an bpolasaí seo é chun ábhair nó íomhánna nach mbaineann le cúrsa staidéir an dalta a chóipeáil;

h) Beidh a fhios ag na daltaí go ndéantar monatóireacht ar úsáid an idirlín, lena n-áirítear faisnéis a dháileadh nó a fháil, chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht neamhghnách nó ar chúiseanna a bhaineann le slándáil agus le bainistíocht líonra;

i) Tabharfar seisiúin eolais ar Shábháilteacht Idirlín go rialta.

## 4.1 Ríomhphost

a) Tá cuntas oideachais Google oideachais ag an scoil. Tá seoladh ríomhphoist Google mar sin ag an uile dalta. Úsáidfidh daltaí an seoladh sin chun ábhar foghlama a roinnt ar chúiseanna foghlama *amháin*.

b) Ní sheolfaidh daltaí ábhar ar bith atá neamhdhleathach, gáirsiúil nó clúmhillteach nó ábhar a chuirfeadh isteach ar dhuine eile nó a chuirfeadh eagla air/uirthi. Ní ceadmhach dóibh glacadh lena leithéid ach an oiread agus ba cheart tuairisc a thabhairt do bhainistíocht na scoile má tharlaíonn a leithéid.

c) Ní nochtfaidh daltaí a sonraí pearsanta féin ná sonraí pearsanta duine eile, sonraí ar nós seoltaí nó uimhreacha teileafóin nó pictiúir.

d) Ní dhéanfaidh daltaí cinneadh riamh bualadh le duine ar cuireadh aithne air/ uirthi tríd an ríomhphost ná tríd an idirlíon amháin.

e) Tá cead ag múinteoirí cuntais Google scoile na ndaltaí a sheiceáil go rialta.

## 4.2 Comhráití Idirlín

a) Ní bheidh rochtain ag daltaí ach ar sheomraí comhrá, fóraim phlé, teachtaireachtaí agus fóraim chumarsáide leictreonacha eile atá faomhaithe ag an scoil.

b) Bainfear úsáid as seomraí comhrá, fóraim phlé, agus fóraim chumarsáide leictreonacha eile chun críche oideachais amháin, agus déanfar maoirseacht orthu i gcónaí.

c) Ní shocróidh dalta riamh bualadh le duine trí chomhrá ar líne.

## 4.3 Suíomh gréasáin na scoile

a) Ní thabharfar an deis do dhaltaí pictiúir d'imeachtaí na scoile a fhoilsiú ach de réir beartais shoiléire agus próisis faofa na scoile.

b) Déanfar an suíomh gréasáin a sheiceáil go rialta chun a chinntiú nach bhfuil ábhar air a chuirfeadh sábháilteacht dalta ná na foirne i mbaol.

c) Ó am go chéile, d'fhéadfadh múinteoir obair dhalta a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na scoile.

d) Beidh obair na scoláirí le feiceáil i gcomhthéacs oideachais ar leathanaigh ghréasáin i dteannta le fógra cóipchirt a chuirfidh cosc ar chóipeáil na hoibre sin gan cead sainiúil scríofa.

e) Déanfaidh an scoil iarracht úsáid a bhaint as grianghraif dhigiteacha agus as sleachta fuaime nó físe a dhíríonn ar ghníomhaíochtaí an ghrúpa. Ní fhoilseofar ábhair a dhíríonn ar dhalta faoi leith ar shuíomh gréasáin na scoile gan chead ó thuismitheoir/chaomhnóir.

## 4.4 Na Meáin Shóisialta

Faraor, is féidir mí-úsáid a bhaint as na meáin shóisialta chun maistíneacht, ciapadh agus gníomhaíochtaí mídhleathacha a dhéanamh. Forbraíodh an roinn seo den pholasaí chun treoir a thabhairt ar úsáid sábháilte agus freagrach na meán sóisialta do gach ball de phobal na scoile. Is doiciméad tagartha é an doiciméad seo freisin d'íobartaigh ar dúradh ráitis mhíchuí leo nó ráitis gan iarradh, ar líne. Dearadh an roinn seo ar na cúiseanna seo a leanas;

a) Straitéisí a chur le chéile do dhaltaí a ligfidh dóibh na meáin shóisialta a úsáid go sábháilte, freagrach.

b) Ionracas agus dea-ainm gach ball de phobal na scoile a chosaint ón drochíde ar líne.

c) Achoimre a thabhairt ar na hiompair mhíchuí agus na hiarmhairtí a bhaineann leo.

d) Treoir a thabhairt don fhoireann, do dhaltaí agus do thuismitheoirí ar úsáid chuí na meán sóisialta.

e) Cur síos ar na gnásanna do bhaill phobal na scoile a bhíonn thíos le hiompar míchuí ar na meáin shóisialta.

### 4.4.1 Úsáid Shábháilte agus Úsáid Fhreagrach ar na Meáin Shóisialta

Ní bhíonn sainmhíniú deimhin idir an saol príobhaideach agus an saol poiblí, nó idir an saol pearsanta agus gairmiúil, ar na meáin shóisialta.

a) Bí roghnaitheach leis an méid a roinntear. Tá pobal na meán sóisialta ollmhór, dofheicthe agus anaithnid. Nuair a chuirtear ábhar ar líne, bíonn sé ann go deo, mar tá sé éasca é a chóipeáil agus é a roinnt. Bíonn lorg digiteach ag baint le gach aon rud a chuirtear ar líne. Ná roinn sonraí pearsanta cosúil le huimhreacha ghutháin, seoltaí ephoist nó seoltaí baile riamh.

b) Bí roghnaitheach le cairde. Bí cúramach le cairde ar líne. Tá sé níos fearr cairde a shrianadh chuige siúd a bhfuil aithne orthu agus muinín agat astu sa fíorshaol.

c) Ná roinn do láthair. Ligtear d'úsáideoirí a láthair a roinnt ar aipeanna. Is féidir le déagóirí láthair a gcairde a chlibeadh ach is féidir cosc a chur ar seo sa roinn 'Conas a Oibríonn Clibeanna'.

d) Bain úsáid as socruithe príobháideacha. Déan athbhreithniú ar na roghanna go léir ar an leathnach seo. Is minic a choimeádtar na socruithe príobháideacha ar ;go poiblí' ach amháin má athríonn an t-úsáideoir iad go 'príobháideach'.

e) Má tá nasc idir do phróifíl agus do ghuthán soghluaiste, bain úsáid as socruithe príobháideacha an tsuímh sin chun a chinntiú go mbeidh d'uimhir ghutháin dofheicthe.

f) Seirbhísí comhrá agus VoIP. (Soláthraíonn siad seo cumarsáid chlóscríofa nó labhartha le rochtain agus/nó gan rochtain ar cheamaire gréasáin). Níor cheart ach cumarsáid a dhéanamh le daoine a bhfuil muinín agat astu nuair a bhaintear úsáid as na seirbhísí seo. Cuimhnigh go bhfuil an fhéidearthacht ann go mbeidh teacht ag daoine eile ar gach gné den chumarsáid sin.

g) Mar riail órdóige, ná cuir aon rud ar líne nach gcuirfeá ar chlár na bhfógraí ar scoil.

h) Inis le duine éigin é sa chás gur cuireadh rud éigin ar líne a chuir isteach ort. Má tá bulaíocht á déanamh ort ar líne, ba cheart duit;

- Ar dtús báire, inis do do thuismitheoirí/chaomhnóirí nó le múinteoir faoi.
- Cosúil le gach cás eile de chur isteach leanúnach, inis do d'Oide Ranga, do Cheann Bliana, do Phríomhoide Tánaisteach, do Phríomhoide nó aon mhúinteoir eile faoi.
- Coimeád gach ephost nó pictiúr a seoladh chugat agus a chuir isteach ort.
- Tóg gabháil scáileáin d'aon ráiteas bagartach.
- Taifead an t-am a seoladh na teachtaireachtaí nó íomhánna chugat, araon le haon eolas faoin duine a sheol iad a thaifead freisin.
- Ná tabhair freagra ar aon teachtaireacht bulaíochta nó ná glac páirt in aon argóint ar líne.

i) Is féidir leis na meáin shóisialta a bheith úsáideach chun imeachtaí ranga a phlé agus a eagrú. Tá sé ríthábhachtach go ndéantar bainistíocht mhaith ar na grúpaí seo agus go n-úsáidtear iad ar mhaithe le heolas amháin a roinnt agus go gcosnaítear folláine gach ball den phobalscoile ag an am céanna.

j) Tá sé de cheart ag gach ball de phobal na scoile a ndea-cháil a choimeád, tuismitheoirí, daltaí agus baill foirne san áireamh. Níl na meáin shóisialta oiriúnach chun eachtraí líomhnaithe a phlé mar sin, agus ba cheart teagmháil a dhéanamh le hoifig na scoile má tá aon eolas ag teastáil maidir le heachtra líomhnaithe.

k) Níor cheart d'éinne scéalta, físeáin nó pictiúir a bhaineann leis an scoil a roinnt ar líne, ach amháin má thagtar ó chuntas scoile faomhaithe.

#### 4.4.2 Úsáidí Do-Ghlactha na Meán Sóisialta agus a dTorthaí

Bíonn gach úsáideoir freagrach as a n-iompar féin nuair a dhéantar cumarsáid ar na meáin shóisialta agus beifear freagrach as an ábhar a chuirfear orthu. Is féidir leo seo a leanas a bheith do-ghlactha ar na meáin shóisialta;

a) Ráitis idirdhealaitheacha, chiapaitheacha, dhiúltacha, teachtaireachtaí bagartacha nó íomhanna a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'aon bhall de phobal na scoile a sheoladh.

b) Ábhair a d'fhéadfadh duine a chiontú nó a ghortú a chur ar aghaidh nó a thogha.

c) Teachtaireachtaí a d'fhéadfadh íomhá nó clú na scoile a mhilleadh a sheoladh nó a chur in airde.

d) Próifíl bhréagach a chruthú a phearsanaíonn ball de phobal na scoile.

e) Ábhair atá faoi rún ag an scoil a sheoladh nó a chur in airde.

f) Aon úsáid a bhriseann dlíthe nó cóipcheart, a thugann neamhaird ar shocruithe ceadúnais nó a chuireann isteach ar chearta intleachtúla éinne eile.

g) A bheith páirteach i mbreathnú air nó roinnt íomhánna mí-oiriúnacha nó ábhar gáirsiúil.

h) Ní mór bradaíl a sheachaint agus ní mór aitheantas a thabhairt don údar bunaidh.

i) Cé go ndéileálfar go neamhspleách le gach cás d'úsáid do-ghlactha na meán sóisialta, tuigeann an scoil agus an Bord Bainistíochta gur sáraithe dáiríre den Chód Iompair iad seo thuas. Is féidir smachtbhannaí a chur i bhfeidhm i gcásanna de mhí-úsáid na meán sóisialta.

## 5. Gléasanna Pearsanta

a) Is sárú díreach ar an mBeartas um Úsáid Inghlactha Teicneolaíochta é má thugann dalta ar bith aon ghléas pearsanta teicneolaíochta ar scoil seachas a n-iPad scoile.

b) Má thugtar a nguth//áin nó gléasanna pearsanta eile ar scoil, nó má sheoltar teachtaireachtaí maslacha nó mí-oiriúnacha tar éis na scoile, nó má thógtar pictiúir gan chead, cuirfear na smachtbhannaí cuí i bhfeidhm ar aon dul le Cód Iompair Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin.

c) Ní mór do dhaltaí a nguth※áin a choimeád i mbosca taisceadáin an t-am ar fad má thugtar a nguth※áin ar scoil leo.

d) Má sheoltar teachtaireachtaí tar éis na scoile, nó má thógtar pictiúir gan chead, cuirfear na smachtbhannaí cuí i bhfeidh mar aon dul le Cód Iompair Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin.

e) Ní cheadaítear uaireadóirí cliste ar scoil, ach amháin le cead ó bhainistíocht na scoile.

## 6. Eolas Breise

Seolfar tuairisc chuig na húdaráis ábhartha ar aon ghníomhachtaí mídhleathacha.

**Smachtbhainní mar thoradh ar shárú an pholasaí seo;**
Is féidir na smachtbhannaí seo a chur i bhfeidhm a bhaineann le sárú an pholasaí seo (ní liosta uileghabhálach é seo);

a) Fionraí ón líonra agus pribhléidí iPadanna
b) Gléasanna a bhaint má thagtar orthu ar thalamh na scoile nó ag imeachtaí scoile.
c) Fógra a chur chuig tuismitheoirí
d) Tréimhse machnaimh tar éis na scoile
e) Dalta a chur ar fionraí ón scoil agus/nó imeachtaí scoile.
f) Díbeart i gcásanna drochiompar dáiríre a tharraingíonn droch-cháil ar an scoil nó a aithisíonn, a dhéanann béadchaint nó maistíneacht ar aon bhall de phobal na scoile. Baineann sé seo ach go háirithe, ach go neamheisiach, le haon dalta a chruthaíonn ardán nó a chuireann leis nó a roinneann ábhar chun táiríde, maistíneacht nó náiriú a dhéanamh ar aon bhall de phobal na scoile.
g) Caingean dlí agus/nó ionchúiseamh.

Ghlac an Bord Bainistíochta leis an bPolasaí seo ar an 3ú Deireadh Fómhair 2016.

Rinneadh athbhreithniú ar an bPolasaí seo ar an 11ú Feabhra 2025.

Tá sé ar fáil do pháirtithe leasmhara na scoile, agus tá sé foilsithe ar shuíomh gréasáin na scoile. Déanfar athbhreithniú air ar bhonn bliantúil, agus/nó nuair is gá.